

An Ghaeilge sa Bhaile / Irish at Home



1. An Ghaeilge Mórthimpeall Orm / Irish All Around Me

Introduction / Réamhrá

In school, your child is learning Irish as part of the *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile*. This resource has been developed to help parents support their children as they learn Irish. Each tip sheet describes a range of activities which you can do with your child at home 'as Gaeilge'. These materials are designed to be fun and engaging for both parents and children.

There are 4 tip sheets in this resource. Each explores the opportunities for the use of Irish at home.



1. Irish All Around Me / An Ghaeilge Mórthimpeall Orm
2. Praise, Praise, Praise! / Mol an Óige agus Tioctaidh Sí!
3. Speaking and Reading in Irish / Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge
4. Fun at Home / Spreagadh agus Spraioi sa Bhaile

Audio clips have been recorded for certain sections of each tip sheet. This is indicated by a . Click on this icon to access the relevant audio clip on Sound Cloud. If there is no  next to a word and you are unsure of its pronunciation, use www.abair.ie.

Tá do pháiste ag foghlaim Gaeilge ar scoil mar chuid de *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Cuireadh an acmhainn seo le chéile chun cabhrú le tuismitheoirí tacú lena bpáistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Déanann gach bileog leide cur síos ar ghníomhaíochtaí is féidir leat a dhéanamh sa bhaile le do pháiste as Gaeilge. Ba chóir go mbainfeadh do pháiste agus tú féin sult as an ábhar seo agus go mbeadh an bhéim ar úsáid na Gaeilge.

Tá 4 bhileog leide san acmhainn seo. Díríonn gach ceann ar na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a úsáid sa bhaile.

1. An Ghaeilge Mórthimpeall Orm / Irish All Around Me
2. Mol an Óige agus Tioctaidh Sí! / Praise, Praise, Praise!
3. Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge / Speaking and Reading in Irish
4. Spreagadh agus Spraioi sa Bhaile / Fun at Home

Tá gearrthóga fuaimne taifeadta do chuid mhaith den ábhar ar na bileoga leide seo. Cuirtear é seo in iúl leis an deilbhín . Cliceáil air seo chun an ghearrthóg a fháil ar Sound Cloud. Mura bhfuil deilbhín  in aice le focal agus má tá cabhair uait leis an bhfuaimniú, téigh chuig www.abair.ie.

An Ghaeilge Mórthimpeall Orm / Irish All Around Me

Tá go leor Gaeilge le feiceáil agus le cloisteáil agat gach lá. Oscail do shúile agus do chluasa agus tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil an Ghaeilge mórthimpeall ort!

You can see and hear a lot of Irish all around you every day. You just have to open your eyes and ears!



Tá bileoga leide eile ar fáil ag <https://ncca.ie/ga/bunscoil/acmhainn%C3%AD-do-thuismitheoir%C3%AD>
You can access more tip sheets at ncca.ie/en/primary/resources-for-parents

An Ghaeilge sa Cheantar / Irish in my Locality

Téigh amach ag siúl sa cheantar. Glac grianghraf de na fógraí Gaeilge a fheiceann tú (ar chomharthaí bóthair, ainmneacha scoileanna nó siopaí srl.).

Go out for a walk in your locality. Take a photo of the signs that you see written in Irish (road signs, names of schools or shops etc.).

An gcloiseann tú aon nathanna Gaeilge in úsáid ar an mbus, ar an Luas, nó ar an traein? Cad is brí leo? Déan liosta díobh.

Do you hear any Irish phrases being used on the bus, on the Luas, or on the train? What do they mean? Make a list of these new phrases.

Cad is brí leis na logainmneacha sa cheantar? Faigh amach an bhfuil aon scéal taobh thiar den logainm sin. Téigh go logainm.ie chun a thuilleadh eolais a fháil ar an logainm.

Have a look at some local place names. What do they mean? Is there a story behind the place name? Go to logainm.ie to find out more information on the place name.

Cruthaigh Gaeltacht Bheag sa Bhaile / Create a Little Gaeltacht at Home

Tá an Ghaeilge mórthimpeall ort sa bhaile! Téigh timpeall an bhaile agus bailigh aon ábhar a bhfuil Gaeilge scríofa air, mar shampla, earraí agus déantúis Éireannacha (Bainne Úr, Mil). Bunaigh Gaeltacht bheag sa bhaile!

There is lots of Irish all around you at home! Have a look around your home. Can you see anything that has something written in Irish on it, for example, products made in Ireland like Bainne Úr (Fresh milk) and Mil (honey). Now you are ready to set up your little Gaeltacht at home!

- Cuir na rudaí seo a leanas sa Ghaeltacht bheag: Rudaí atá scríofa i nGaeilge (paicéad siúcra, clúdach litreach le stampa nó seoladh scríofa i nGaeilge air, grianghraif a ghlac tú d'fhógraí Gaeilge, leabhair Gaeilge, srl.)

- You can put the following things into your Gaeltacht bheag: Anything that has something written in Irish on it (a packet of Siúcra, an envelope with a postage stamp or address written in Irish, photos you have taken of signs in Irish, books in Irish, etc.)

- Bain úsáid as do chuid Gaeilge sa Ghaeltacht bheag.

- When you are in the Gaeltacht bheag, use your Irish!

- Tóg isteach paca cártaí nó aon chluiche cláir eile. Is féidir iad a imirt as Gaeilge sa Ghaeltacht bheag.

- Bring a pack of cards or a board game into the Gaeltacht bheag. You can play with them in Irish when you are in the Gaeltacht bheag.

- Éist le scéal Gaeilge ar Sound Cloud sa Ghaeltacht bheag [anseo](#).¹

- Have a listen to an Irish story on Sound Cloud in the Gaeltacht bheag [here](#).¹

- Breathnaigh ar chlár iontacha ar Cúla 4 nó scannán Sponge Bob ar an ríomhaire glúine sa Ghaeltacht bheag.

- Watch some great shows on Cúla 4 or Sponge Bob as Gaeilge on Netflix on a laptop in the Gaeltacht bheag.

Céad Míle Focal Romhat / A Hundred Thousand Words

Cuir póstaer le chéile leis na nathanna Gaeilge atá ar eolas ag do pháiste (agus agat féin!). Cuir leis an bpóstaer de réir mar a thagann tú ar fhocail agus ar fhrásaí nua. Is féidir an póstaer a chrochadh suas sa Ghaeltacht bheag.

Make a poster with the Irish phrases that your child (and you!) have learned. Add to the poster as you come across new words and phrases. Hang the poster up in the Gaeltacht bheag.

- Aimsigh na focail is fearr leat san fhoclóir agus scríobh iad ar an bpóstaer Céad Míle Focal Romhat.

- Find your favourite words in the dictionary and write them on the Céad Míle Focal Romhat poster.

- Aimsigh an focal is faide san fhoclóir agus scríobh é ar an bpóstaer Céad Míle Focal Romhat.

- Can you find a really long word in the dictionary? Write it on the Céad Míle Focal Romhat poster.

- An bhfuil aon fhocal ar an bpóstaer cosúil le focal atá ar eolas agat i dteanga eile?

- Do you see any Irish words on the poster that are similar to words in other languages you know?

Mo Phobal Gaelach / My Irish-Language Community

B'fhéidir go bhfuil cúpla focal Gaeilge ag daoine sa teaghlach nó sa chomharsanacht. Fiú má d'fhoghlaim tusa Gaeilge na blianta ó shin ar scoil, níl do chuid Gaeilge imithe! Beidh roinnt frásaí fós agat i gcúl do chinn.

There may be people in your family or neighbourhood who have a few words of Irish. Even if it is years since you learned Irish at school, your Irish has not disappeared! You might be surprised to find how many phrases you can still remember.

- An bhfuil Gaeilge ag Mamó, Daideo, gaol eile nó comharsa? An roinnfeadh siad é seo leat? Mura bhfuil Gaeilge acu, féach an bhfuil aon teanga eile ar eolas acu.

- Does Granny, Grandad, an older relative or a neighbour have some Irish? Can they share this with you? If they don't have any Irish, see if they know any other language.

- Iarr ar do pháiste Cara Comhrá a roghnú. Beannaigh don duine sin as Gaeilge gach lá. Cuir téacs chuig an duine sin go rialta. Seol méim ghreannmhar Ghaeilge chucu, b'fhéidir!

- Ask your child to choose a Cara Comhrá or Conversation Pal. Greet that person in Irish each day. Send them a text or message regularly. Why not send them a funny meme in Irish that you like?

Scríobh Leat! / Write Away!


Tá go leor deiseanna ann rudaí a scríobh as Gaeilge sa bhaile.


- Is féidir le do pháiste an liosta siopadóireachta a scríobh gach seachtain.


- Iarr ar do pháiste beannacht Ghaeilge a scríobh ar cártaí breithlae nó Nollag, nó d'aon ócáid speisialta eile. Seo beannachtaí samplacha:


 • Comhghairdeas ó chroí!

 • Lá breithe sona duit!

 • Nollaig shona duit!

 • Is tusa an Mamaí is fearr!

 • Is tusa an Daidí is fearr!

 • Go n-éirí leat!

- Iarr ar do pháistí téacs as Gaeilge a sheoladh chuig duine sa teaghlach nó sa chomharsanacht.

There are lots of opportunities to write in Irish at home.

- Encourage your child to write the shopping list in Irish each week.

- Ask your child to write a greeting in Irish on birthday or Christmas cards, or for any other special occasion. Here are some sample greetings:

- Congratulations!

- Happy birthday!

- Happy Christmas!

- You're the best Mum!

- You're the best Dad!

- Good luck!

- Ask your child to send a message or text in Irish to someone in the family or the neighbourhood.

Nóta / Note

Dóibh siúd le cóip chrua den áis seo, is iad seo a leanas na naisc atá luaite ar an mbileog leide seo.

For those with a print-out of this resource, here is a list of the links referenced on this tip sheet.

¹ <https://soundcloud.com/forasnagaeilge/sets/an-gum-1>

Bain súp as do chuid Gaeilge a úsáid sa bhaile! / Enjoy using your Irish at home!